



SAMHAIN 2020

<b>Teachtaireacht An Uachtaráin</b>	<b>3</b>
<b>Ár gCluichí Ár Laochra - Niall Ó Muineacháin</b>	<b>4</b>
<b>Do Threibh, Do Chontae</b>	<b>6</b>
<b>Giolcaigí i #GAAGaeilge</b>	<b>7</b>
<b>Ár gCluichí Ár Laochra - Ódhrán Mac Pháidín Ó Fearraigh</b>	<b>9</b>
<b>Cluaistuisint do Mheánscoileanna</b>	<b>11</b>
<b>Cumann Iomána Leic Snámha</b>	<b>12</b>
<b>A Chéad Lá in Eamhain Mhacha agus an Chéad Chluiche Iomána</b>	<b>15</b>
<b>Laochra Liatroma 1994</b>	<b>16</b>
<b>Do Chlub, Do Chontae - Cumann Báire Chaoimhín - Níos Mó Ná Cumann Báire</b>	<b>18</b>
<b>Na Contaetha</b>	<b>21</b>
<b>An Chéad Mhórháchttaire Eile Á Lorg i gComórtas Tráchttaireachta Gael Linn</b>	<b>22</b>
<b>Crosfhocal</b>	<b>24</b>
<b>Plean Teagaisc Agus Acmhainn Do Chlubanna Uladh</b>	<b>25</b>
<b>Aip Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha Seolta Ag Gráinne McElwain</b>	<b>26</b>
<b>10 X Ceist #GAAGaeilge Oraibh!</b>	<b>27</b>
<b>Cuimhnimis Orthu Uilig - Domhnach na Fola</b>	<b>28</b>
<b>Freagraí</b>	<b>29</b>



# Teachtaireacht An Uachtaráin

Céad míle fáilte romhaibh go dtí an tríú heagrán seo de ‘Cuaille’, iris nua Ghaeilge Chumann Lúthchleas Gael. Tá súil agam go mbainfidh sibh idir thaitneamh agus thairbhe as na míreanna éagsúla ata inti. I measc na míreanna sin, tá gné-ailt ar nós ‘Ár gCluichí, Ár gCultúr’, crosfhocal, tráth na gceist, ‘Do Chlub, Do Chontae’ podchraoltaí, míreanna club agus go leor leor eile.

Tá go leor srianta éagsúla ar obair Chumann Lúthchleas Gael i mbliana, mar is eol daoibh go léir. Mar sin féin, tá mé an-sásta go bhfuil na craobhchomórtais idirchontae peile agus iomána faoi lánseol faoi láthair agus tá súil agam go bhfuil sibh ar fad ag baint taitnimh as na cluichí.

Rud eile atá ag gabháil ar aghaidh faoi láthair ná go bhfuil muid ag cuimhniú ar an 14 duine a maraíodh ar 21 Samhain, 1920, i bPáirc an Chrócaigh ar Dhomhnach na Fola. Ar an drochuair, bhí orainn ár gcuid pleananna don chomóradh a athrú go mór ach tá muid an-sásta go bhfuil muid ag tabhairt deise don domhan mór aithne a chur ar na daoine a cailleadh an lá sin tríd na físeáin, na podchraoltaí, na drámaí agus na rudaí móra eile atá á gcur amach againn. Is féidir gach eolas a fháil faoi na himeachtaí sin ar Shuíomh Idirlín an Chumainn.

Ó thaobh obair na Gaeilge de, tá muid an-sásta a fhógairt go bhfuil aip nua Ghaeilge seolta mar chuid de obair Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha i gcomhar le Glór na nGael. Áis iontach í an aip seo a chabhróidh lenár gclubanna agus lenár mbaill ar fud na tíre agus iad ag cur chun cinn na Gaeilge sa chlub. Tá sé iontach go bhfuil go leor acmhainní, nuachta agus scéalta maidir le himeachtaí an Chumainn le fáil ann, freisin.

Tá clúdach cuimsitheach ar fáil ar Rannóg Ghaeilge Shuíomh Idirlín CLG ar na craobhchomórtais iomána agus peile atá ar siúl faoi láthair agus is féidir coinneáil suas chun dáta leis na torthaí is déanaí, na cluichí atá ar na bacáin, tuairiscí ar chluichí agus go leor eile.

Coinnigí slán sábháilte agus bainigí taitneamh as an eagrán seo de ‘Cuaille’.

Beirigí bua agus beannacht,

**Seán Ó hÓráin**

**Uachtarán**

**Chumann Lúthchleas Gael**

*Seán Ó hÓráin*





## Ár gCluichí Ár Laochra

### Niall Ó Muineacháin

San eagrán is deireanaí seo de Ár gCluichí, Ár Laochra, cuireann muid 20 ceist ar Niall Ó Muineacháin, laoch mór iomána de chuid CLG Chill Droichid agus Chill Dara. Tá os cionn deich mbliana caite aige ag imirt lena chontae agus é mar cheannaire mór i measc na gcúlaithe ar an bhfoireann. Dar ndóigh, ba é Niall a bhí mar chaptaen ar Chill Dara nuair a bhuaigh siad Corn Christóir Uí Rinn thiar sa bhliain 2014.

Bhí an Gaeilge lárnach i mo shaol ó aois an-óg. Úsáidim Gaeilge go rialta nuair a bhím ag labhairt le mo chlann agus le mo chairde. Caithim an fáinne le bród.

*Cuir aithne níos fearr ar  
Niall anseo thíos!*

**Ainm:**  
Niall Ó Muineacháin

**Aois:**  
29

**Club:**  
Cill Droichid

**Contae:**  
Cill Dara

**An scannán is fearr leat?**  
The Goodfellas

**An banna ceoil is fearr leat?**  
Damien Dempsey

**An áit is fearr leat?**  
Cathair na Gaillimhe

**An bia is fearr leat?**  
Stéig

**An t-imreoir ab fhearr leat nuair a bhí tú óg:**  
Eoin Kelly as Tiobraid Árann

**An chéad chuimhne CLG atá agat:**  
Cluiche faoi 8 i gcoinne Ard Cloch

**An chéad uair ar imir tú le do chontae:**

2008

**An t-imreoir is fearr le himirt leat:**

Gerry Keegan

**An t-imreoir is fearr le himirt i do aghaidh:**

Andy O’ Brien as Cill Mhantáin

**An cluiche is fearr a d’imir tú riamh:**

Craobh Chontae Chill Dara i 2018

**Buaicphointe do shaoil imeartha le do chontae go dtí seo:**

Bhí mé i mo chaptaen ar fhoireann Chill Dara nuair a bhuaigh muid Craobh Christy Ring i 2014

**Buaicphointe do shaoil imeartha le do club go dtí seo:**

Roghnaithe do fhoireann na hÉireann i gcoinne na hAlban i 2015



**An duine is mó a raibh tionchar aige/aici ar do shaoil imeartha go dtí seo:**

Mo dheartháir Fiachra

**Aon chaitheamh aimsire eile?**

Galf nuair a bíonn an t-am agam.

**Aon chomhairle agat do imreoirí óga? Bain**

taithneamh as an turas agus úsáid an balla gach lá. Ní insíonn an balla bréaga!

**Gluais / Glossary**

**eagrán is deireanaí** – latest edition **laoch** – hero **ceannaire** – leader **Corn Chríostóir Uí Rinn** – Christy Ring Cup **lárnach** – central **Roghnaithe** – selected **bréaga** – lies



*Bhí an Gaeilge lárnach i mo shaol ó aois an-óg. Úsáidim Gaeilge go rialta nuair a bhím ag labhairt le mo chlann agus le mo chairde. Caithim an fáinne le bród.*

**NIALL Ó MUINEACHÁIN, CILL DARA**

# Do Threibh, Do Chontae



Ca mhéad Craobh Peile Cúige ata buaite ag do chontae?

Tháinig deireadh leis na Craobhacha Peile Cúige le gairid agus tá na himreoirí ó na foirne éagsúla anois ag díriú ar áit a bhaint amach i gCluiche Ceannais Peile a hÉireann. As an 32 contae, chomh maith le Londain agus Nua-Eabhrac, tá 30 contae tar éis craobhacha cúige a bhuanach. Cé hiad féin na buaiteoirí móra? Breathnaigh anseo thíos:



## LAIGHIN

Áth Cliath – 59  
An Mhí – 21  
Cill Dara – 13  
Loch Garman – 10  
Uíbh Fhailí – 10  
Lú – 8  
Laois – 6  
Cill Chainnigh – 3  
Ceatharlach – 1  
An Iarmhí – 1  
An Longfort – 1  
Cill Mhantáin – 0

## ULAI DH

An Cabhán – 38  
Tír Eoghain – 17  
Muineachán – 16  
Ard Mhacha – 14  
An Dún – 12  
Dún na nGall – 10  
Aontroim – 9  
Doire – 7  
Fear Manach – 0

## CONNACHTA

Maigh Eo – 47  
Gaillimh – 46  
Ros Comáin – 24  
Sligeach – 3  
Liatroim – 2

## AN MHUMHAIN

Ciarraí – 81  
Corcaigh – 37  
Tiobraid Árann – 10  
An Clár – 2  
Luimneach – 1  
Port Láirge – 1

## EILE

Londain  
Nua-Eabhrac



# Giolcaigí i #GAAgaeilge

*An mbíonn tú ag giolcaireacht / tvuíteáil faoi na cluichí Gaelacha? If so, why not use a cúpla focal Gaeilge in your tweets? Anseo thíos, tá roinnt nathanna úsáideacha le cabhrú leat. Don't be afraid to give it a try!!*

Déan cinnte go n-úsáideann tú an haischlib #GAAgaeilge, freisin!

**Bratach** / Flag

**In aghaidh na gaoithe** / Against the wind

**Le cóir na gaoithe** / With the wind

**Poc Taobhlíne** / Sideline poc

**Cic Taobhlíne** / Sideline kick

**X nóiméad imeartha** / X minutes played

**X nóiméad fágtha** / X minutes left

**Ar fóraoil** / Wide

**Am cúitimh** / Injury time / stoppage time

**Cúilín** / Point

**Cúl** / Goal

**Ionadaí fola** / Blood sub

**Sos Uisce** / Water Break

**Ionadaí do x** / Substitute for x

**Scór deiridh** / Final score

**Scór leathama** / Half-time score

**Cic amach** / Kickout

**Cic saor** / Free (football)

**Poc saor** / Free (hurling)

**Poc éirice** / Penalty (hurling)

**Cic éirice** / Penalty (football)

**Calaois** / Foul

**Marc** / Mark

**Loca Pionóis** / Sin Bin

**Bainisteoir** / Manager

**Réiteoir** / Referee

**Comhghairdeas le x** / Congratulations to x

**Go n-éirí go geal le foireann x inniu** / Best of luck to x today

**(Contae) Abú!** / Up (county)!

**Cárta Dubh** / Black Card

**Haischlib** / Hashtag

**Giolc / Tvuít** / A Tweet

**Gluais** / Glossary

**nathanna úsáideacha** – useful phrases



CUMMAN LÚTHCHLEAS GAEL

# GAA FOR ALL

CLG do Chách

Tuilleadh Eolais : Gearóidin Ní Thaibhís  
01 8192363  
geraldine.mctavish@gaa.ie

Cúige Connacht: Denis O'Boyle  
denisoboyle@gmail.com


Cúige Mumhan: Gerry McNamara  
gerry.mc@live.ie

Cúige Laighean :Pat Lynagh  
patlynagh@eircom.net

Cúige Uladh: Michael Geoghagan  
Treasurer.ulster@gaa.ie







## Ár gCluichí Ár Laochra

### Ódhrán Mac Phaidín Ó Fearraigh

Faoin spotsholas an iarraidh seo sa tsraith 'Ár gCluichí, Ár Laochra', tá laoch óg Ghaoth Dobhair agus Dhún na nGall, Ódhrán Mac Phaidín Ó Fearraigh. Níl an saighdiúir óg seo ach 22 ach cheana féin tá go leor bainte amach aige lena chontae agus lena club. Bhí sé lárnach i mbuanna a club, CLG Ghaoth Dobhair, nuair a d'éirigh leo gabháil a fhad le Cluiche Leathcheannais Peile na hÉireann i 2019 agus bhuaigh sé Craobh Uladh leis na Conallaigh ina chéad bhliain ag imirt lena chontae, anuraidh. Roghnaíodh Ódhrán ar fhoireann na Gaeltachta ar phodchraoladh oifigiúil Chumann Luthchleas Gael le gairid. Is féidir ésiteach leis an gclár anseo:

Seo thíos mar a d'fhreagair  
Ódhrán ár gcuid ceisteanna!

**Ainm:**

Ódhrán Mac Phaidín Ó Fearraigh

**Aois:**

22

**Slí bheatha:**

Saighdiúir

**Club:**

CLG Ghaoth Dobhair

**Contae:**

Dún na nGall

**Club nó contae?**

Club

**An scannán is fearr leat?**

Flag Of Our Fathers

**An banna ceoil is fearr leat?**

Na Highwaymen

**An áit is fearr leat?**

Meiriceá

**An bia is fearr leat?**

Stéig agus Prátaí





**An clár teilifíse is fearr leat?**

Bear Grylls Born Survivor

**An chéad chuimhne CLG atá agat:**

Ag baint Chorn Mhath Uí Chnámhsí faoi 12

**An t-imreoir ab fhearr leat nuair a bhí tú óg:**

Neil McGee

**An chéad uair ar imir tú le do chontae:**

F15 in éadan Dhoire

**An t-imreoir is fearr a d'imir leat:**

Ódhrán Mac Niallais

**An t-imreoir is fearr a d'imir i do aghaidh:**

Micheál Ó Murchú

**An cluiche is fearr a d'imir tú riamh:**

Cluiche Ceannais Uladh in éadan na Botha

**Buaicphointe do shaoil imeartha le do chontae:**

Cluiche Ceannais Uladh in éadan an Chabháin

**Buaicphointe do shaoil imeartha le do club go dtí seo:**

Cluiche Ceannais Uladh in éadan na Botha

**An duine is mó a raibh tionchar aige/aici ar do shaoil imeartha go dtí seo:**

Tom Beag Mac Giolla Easpuig

Aon chomhairle agat do imreoirí óga? Coinnigh do chloigeann síos i rith an ama!

**An mbeadh suim agat a bheith i do chóitseálaí/bhainisteoir amach anseo?**

Ní bheadh, caithim go leor ama ag imirt!

**Aon chaitheamh aimsire eile?**

Ag surfáil, motocross agus ag sealgaireacht

**Gluais / Glossary**

**Spotsholas** – spotlight **saighdiúir** – soldier **lárnach** – central **Conallaigh** – natives of Donegal **podchraoladh** – podcast **ag baint** – winning **in éadan** – against **An Bhoth** – Scotstown **ag sealgaireacht** – hunting



*Labhraím Gaeilge gach lá nó is múinteoir bunscoile mé. Caithfidimid an Ghaeilge a chur chun cinn agus a chothú. Gaelic football is an important part of Irish culture, as is speaking our native language. Tír gan teanga, tír gan anam.*

**PÁDRAIG FAULKNER, AN CABHÁN**



Podchraoladh Oifigiúil Chumann  
Lúthchleas Gael

106.4FM  
RAIDÍO  
NA LIFE  
i gcomhar le...

## Cluaistuisint do Mheánscoileanna



San eagrán is deireanaí seo de phodchraoladh oifigiúil CLG, i gcomhar leis an Spota Dubh ó Raidió na Life, breathnaíonn Cárthach Breathnach agus Cian Ó Griallais siar ar dheireadh seachtaine mór eile peile i mí na Samhna i gcomhlúadar Chaoimhín Uí Chasaide, iarmreoir Dhún na nGall, agus Pheadair Óig Uí Ghríofa, iarimreoir de chuid na Gaillimhe. Labhraíonn siad, freisin, le cúl báire na Mí, Marcus Brennan, faoin mbua a bhí acu ar Chill Dara an deireadh seachtaine céanna.

Éist leis an bpodchraoladh anseo: <https://soundcloud.com/user-147517856/maigh-eo-leis-an-corn-i-gconnacht-ach-na-dubs-agus-dnag-fos-sa-rasa-do-sam>

Is féidir éisteacht le podchraoltaí eile de chuid Chumann Lúthchleas Gael anseo: <https://soundcloud.com/user-147517856>

### Ceisteanna

1. Cé in aghaidh a bhí Tír Eoghain ag imirt?
2. Cad a dúirt Peadar Óg Ó Gríofa faoi Dhún na nGall?
3. Cad a dúirt an láithreoir faoi Michael Murphy?
4. Cad a bhí le rá ag Peadar Óg faoi Paddy McBrearty?
5. Cad a dúirt Caoimhín Ó Casaide faoi imreoirí Chill Chua de chuid an Dúin?
6. Cé acu a raibh an bua tuillte sa chluiche idir Maigh Eo agus Gaillimh?
7. An bhfuil seans ag Maigh Eo Craobh na hÉireann a bhuachan, dar le Caoimhín?
8. Cad dúirt Marcas Ó Braonáin faoin gcéad leath sa chluiche idir An Mhí agus Cill Dara?
9. Cá mhéad cúl a d'aimsigh an Mhí in aghaidh Chill Mhantáin?
10. Cé a d'aimsigh na cúil d'Áth Cliath?



### Gluais / Glossary

**eagrán** – edition  
**podchraoladh** – podcast  
**i gcomhlúadar** – in the company of  
**iarimreoir** – former player  
**láithreoir** – presenter  
**tuillte** – deserved  
**aimsigh** – score

### FREAGRAÍ



## Cumann Iomána Leic Snámha -

### Le Liam de Lása do Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha

*Chaith Dáithí Ó Sé agus iar-bhainisteoir caide Chiarraí, Éamonn Mac Muiris, seal ag caint is ag comhrá mar chuid de chlár cainte Uí Shé ‘Seal le Dáithí’ anuraidh. Chonac an fógra an tseachtain roimhe ar TG4 agus ní fhéadas fanacht leis an eipeasóid. Bhíos ag súil go dtabharfadh sé spléachadh dúinn ar shaol Éamoinn mar bhainisteoir na Ríochta, cad as a tháinig a ghrá don gcluiche agus na cora cinniúnacha ar an gconair go dtí an barr.*



Shane Conway -  
Laoch Mór Leic Snámha

Deineadh a laethanta mar bhainisteoir agus imreoir a chíoradh go deimhin, ach ba é a ghrá don gcluiche iomána ba mhó a d’fhan i mo chuimhne ó shin. Bhí gean ón gcliabhán aige don iomáint agus mhínigh sé mórphaisean na dúiche don gcamán.

Tá cumann iomána Leic Snámha suite i dTuaisceart Chiarraí. Timpeallaithe ag tobar na bparóistí caide ach is iad an t-aon chlub amháin sa Ríocht nach mbacann leis an liathróid mhór. Téann siad ag imirt le Cumann Fhionnúig más áil leo a n-aird a dhíriú ar an gcaid.

Mar a tharlaíonn go minic, scaip an galar nuair a tháinig imreoirí cumasacha ar an bhfód dóibh i 2018. Bhí Shane Conway dochloíte i gcraobh na bliana 2018 i

gCiarraí ach bíonn comhartha ceiste ann uaireanta go dtí go ndéantar an beart ar leibhéal náisiúnta. Thuill sé aitheantas dó féin agus dá chlub le taispeántas gan locht i gcoinne Uíbh Fhailí chun iad a dhíbirt go dtí Craobh Uí Rinn i 2019. Do bhí tábhacht ar leith ag baint leis an gcluiche san toisc gur chiúnaigh sé an argóint nach raibh an caighdeán inchurtha le craobhacha eile chun go dtabharfaí an chreidiúint mar is dual dó.

Ní dá ndeoin féin a d’imigh fir de bhunadh na háite leis na peileadóirí trí na blianta. Nuair a bhí Paul Galvin agus Mac Muiris ag fás aníos d’fhanadar dílis dos na hiománaithe go dtí gur tháinig lucht na caide ag glaoch orthu.

B'fhuirist an cinneadh é ainneoin chultúr a gclub féin. Chonaiceadar stádas na bpeileadóirí i gCiarraí, an meas a léiríonn lucht tacaíochta orthu agus seans gur shamhlaíodar go dtabharfaidís Corn Mhig Uidhir ar ais go dtí a muintir féin lá éigin.

D'ainneoin rath na n-imreoirí caide i bPáirc an Chrócaigh lean na hiománaithe ag forbairt agus bhuaigh siad craobh shinsir an chontae i 2007, 2014 agus 2018.

Is nós coitianta é d'imreoirí idirchontae CLG filleadh ar an bhfód dúchais nuair a fhágann siad slán lena laethanta i ngeansaí an chontae. Labhraíonn formhór acu le cion faoin tréimhse seo ina saol. Bíonn mórtas orthu imirt i measc seanchairde, an dream a mhúnlaigh iad agus an dream a spreag iad ar bhóthar a leasa.

D'fhill an bheirt ghaiscíoch ar a bhfréamhacha nuair a tháinig clabhsúr lena ré idirchontae. Bhí doirse dúnta ar chaibidil amháin dá saol ach ní raibh caibidil an chamáin ach ina tús.

Tá gach seans gur mhó oíche a chaith ógánaigh Leic Snámha ag taibhreamh ar gheansaí glas agus óir a chaitheamh i bPáirc an Chrócaigh. Is mó oíche leis a chaithfidh ógánaigh an lae inniu ag taibhreamh ar ghaiscí Shane Conway i gcoinne na mboc mór.

Ní fada uainn an lá go mbainfidh iománaithe na Ríochta ailp as na piardaí mór le rá agus go mbeidh imreoirí Leic Snámha i lár an aonaigh ar an lá san.



Keltyn Molloy ó Leic Snámha in éineacht le Liam Rushe, Áth Cliath, agus Kate Nolan, Ceatharlach

#### **Gluais** / Glossary

**Cliabhán** – Cradle **Fréamhacha** – Roots **Gean** – Affection **Beola** – Lips **Tobar** – Well **Pingin rua** – Red Cent **Díbirt** – Banish **Piardaí** – Important People **Inchurtha** – Comparable **Ag Taibhreamh** – Dreaming **Feiniméan** – Phenomenon



*D'éirigh liom Fáinne Airgid a fháil agus mé ar scoil. Tá sé de rún agam snas a chur ar mo chuid Gaeilge i mbliana. In 2019, I intend to improve my Irish.”*

**CHARLIE VERNON, ARD MHACHA**



## Ceiliúradh ar Amhránaíocht, Dhamhsa, Cheol agus ar Dhrámaíocht



Rince Foirne | Amhránaíocht Aonair |  
Aithriseoireacht/Scéalaíocht | Bailéad-Ghrúpa  
Nuachleas | Ceol Uirlise | Rince Seit | Tráth na gCeist

Tuilleadh eolais:  
[www.gaa.ie/the-gaa/cultur-agus-gaeilge/scor](http://www.gaa.ie/the-gaa/cultur-agus-gaeilge/scor)



Callum Quirke, Loch Garman, ag an bPóc Fada i 2019 - ceann de thraidisiúin ársa de chuid na nGael

# A chéad lá in Eamhain Mhacha agus an Chéad Chluiche Iomána

(Sliocht as Cú Uladh, Scéal Chúchulainn le Réamonn Ó Ciaráin - foilsithe ag Gael Linn [www.gael-linn.ie](http://www.gael-linn.ie). Is ball é Réamonn de Choiste Naisiúnta Gaeilge Chumann Lúthchleas Gael)

Screadh na bhfiach a mhúscaíl an gasúr le breacadh an lae. Bhí droim liath ar cheann de na héin. Rith sé le Séadanda gurbh í an Mhór-ríon í, bandia na cogáiochta, a thagadh i láthair mar fheannóg sna scéalta. Thíos faoi, chonaic sé Eamhain Mhacha. Smaoinigh sé ar Mhacha, a chuir a mallacht ar Fhir Uladh go dtiocfadh laige breithe orthu ag an am is mó a mbeadh a neart de dhíth orthu.

Shiúil, rith agus léim Séadanda leis gur shroich sé Eamhain Mhacha. Chonaic sé scaifte gasúr, céad go leith acu, ag troid bréagchath iománaíochta le díograis ar an fhaiche. Níor thug aon ghasúr aird ar bith air, rud a chuir iontas ar mhac deirféar an rí, Séadanda.

Léim Séadanda isteach sa chluiche gan chead. Chuaigh sé sa tóir ar an tsiotar mar a bheadh cú i ndiaidh giorria ann. Ní róshásta a bhí an macra leis agus é ag dul ina measc ar luas lasrach leis an tsiotar. Níor lig sé an sliotar níb airde ná a ghlúin ná níb ísle ná a chos. Sa deireadh, rinne siad ionsaí ar an strainséir óg siocair nach raibh cosaint aige, rud a bhí de dhíth. Chaith said camáin, cnaga iomána, sciatha agus gathanna leis.

Tháinig riasradh feirge air, agus nuair a bhíodh sé sa riocht seo, ní aithníodh sé namhaid thar chara. Fuair Séadanda an lámh in uachtar orthu, á gcaitheamh chun talaimh. Laogh Mac Rianghabhra an t-aon ghasúr amháin a thaobhaigh le Séadanda sa chéad chath seo. D'imigh cúpla gasúr ina rith chuig an rí, Conchúr Mac Neasa, a bhí ag imirt fichille le Feargas Mac Róich, a bhí pósta ar mháthair Shéadanda agus a bhí mar iar-rí ar Ulaidh. Bhí Séadanda sna sála orthu. Rug Feargas greim

léine ar an ghasúr strainséartha seo. Mhínigh Séadanda dó gur mac deirféar Chonchúir é. Nuair a chuala an rí an méid sin, thug sé barántas cosanta do Shéadanda, rud a chinnteodh nach ndéanfadh na gasúir eile aon díobháil dó arís.

D'iarr Conchúr air teacht chuig seomra an rí chun greim le hithe a fháil. Ní raibh Séadanda ach seacht mbliana d'aois agus, cheana féin, ba léir go raibh tréithe an cheannaire sa ghasúr speisialta seo a raibh a theacht tuartha leis na cianta.

Ba é Feargas Mac Róich a thóg Séadanda faoina chúram in Eamhain Mhacha. Theagasc sé dó an dóigh le leas a bhaint as a chuid nirt.

Ina dhiaidh seo, bhíodh Séadanda le fáil go minic ina shuí ag glúin Chonchúir.

Ba léir gurbh eisean ab ansa leis an rí.

## Gluais / Glossary

**Screadh na bhfiach** – hunter's call **breacadh an lae** – dawning of the day **droim liath** – grey back **bandia na cogáiochta** – goddess of war **feannóg** – hooded crow **mallacht** – curse **neart** – strenght **bréagchath** – fake battle **faiche** – field **cú i ndiaidh giorria** – a hound after a hare **luas lasrach** – lightning speed **siocair** – because **cnaga** – raps **sciatha** – shields **gathanna** – darts **tháinig riasradh feirge air** – he became enraged **riocht** – state **namhaid** – enemy **sna sála orthu** – on their heels **strainséartha** – stranger **barántas cosanta** – protection warrant **díobháil** – harm **greim le hithe** – bite to eat **tréithe an cheannaire** – leader's characteristics **tuartha** – predicted **faoina chúram** – taken under his wing **gurbh eisean ab ansa leis an rí** – the one the king loved most



# Laochra Liatroma 1994

## LIATROIM 0-12 MAIGH EO 2-4

**Cluiche Ceannais Chraobh Chonnacht  
24 Iúil, 1994,  
Páirc Seán Mac Diarmada**

*Tá lá amháin a fhanfaidh i gcuimhne mhuintir Liatroma go deo. Ar 24 Iúil, 1994, thug peileadóirí an chontae aghaidh ar Pháirc de hÍde agus ar Mhaigh Eo. Níor tugadh mórán de sheans dóibh. In ainneoin go raibh an ceann ab fhearr faighte acu roimhe sin ar Ros Comáin agus ar Gaillimh, tar éis athimeartha, ní fhéadfaidís an ceann ab fhearr a fháil ar Mhaigh Eo agus Corn JJ Nestor a thabhairt ar ais go Páirc Seán Mac Diarmada, nó, an bhféadfaidh?*

Ba é an chéad uair do Liatroim Cluiche Ceannais Chonnacht a bhaint amach ó 1967 i leith ach le fear de bhunadh Mhaigh Eo, John O' Mahony, ag an stiúir thug fir Liatroma faoin dúshlán a bhí amach rompu le díocas, le díograis agus le dúthracht. Bua gan choinne a bhí anseo do go leor daoine fud fad na tíre ach ní mar sin a bhí do O'Mahony ná d'fhoireann. Chreid siad go bhféadfaidís an beart a dhéanamh.

Bhí dul chun cinn mor á dhéanamh acu le blianta beaga roimhe sin agus chreid siad ina gcroíthe istigh go raibh siad chun an cluiche a bhuachan. Bhí siad tar éis an ceann is fearr a fháil ar Ghaillimh i dTuaim an bhliain roimhe agus thuig O'Mahony go raibh foireann sách láidir aige leis an mbeart a dhéanamh. Bhí an oiread muiníne aige ina fhoireann go raibh bus gan díon ordaithe aige roimh ré lena fhoireann a thabhairt trí Chora Droma Rúisc an tráthnóna sin.

D'aimsigh Maigh Eo cúl tar éis 20 soicind agus glacadh leis go mbeadh tráthnóna fada ag Liatroim ach níor aimsigh siad scór ar bith eile sa chéad leath sin. Idir an dá linn, d'éirigh le Liatroim sé chúilín a aimsiú agus bhí siad chun tosaigh ar scór 0-06 go dtí 1-00 ag an mbriseadh.

Nuair a tháinig Liatroim amach don dara leath choinnigh orthu agus d'éirigh leo sé cinn den seacht gcúilín eile a aimsiú. Cé go raibh siad compordach chríochnaigh Maigh Eo an cluiche go láidir agus ní raibh ach bearna dhá chúilín idir na foirne sa deireadh.

Nuair a bronnadh Corn JJ Nestor ar Declan Darcy chuaigh Tom Gannon, captaen fhoireann bhucach Liatroma ón mbliain 1927, suas le glacadh leis an gcorn in éineacht leis. Tógadh grianghraf den bheirt acu atá fós le feiceáil i mbailte agus i dtithe tábhairne fud fad an chontae.

Fanfaidh an lá sin leo siúd as Liatroim a bhí beo ar an lá a fhad a mhairfidh siad. Thóg sé an contae uilig le chéile agus bhí cóisir mhór mhillteach acu leis na himreoirí an tráthnóna sin. Tá go leor a deir gurbh é an lá ab fhearr riamh i stair pheil Liatroma. Go mba fada buan laochra Liatroma 1994.

**Foireann Liatroma:** M McHugh, F Reynolds, S Quinn, J Honeyman, N Moran, D Darcy, G Flanagan, P Kieran, P O'Donoghue, M Quinn, G Dugdale, P Kenny, A Rooney, C McGlynn, L Conlon. Subs: J Ward, B Breen



Tacaigh le do  
chlub áitiúil



## DUAISEANNA

- 1. Renault CLIO V Dynamique TCe 100 MY19 nua**
- 2. Duais Airgid de luach €2,000**
- 3. Pacáiste Chluichí Ceannais Peile agus Iomána na hÉireann 2021**

San áireamh sa phacáiste seo do bheirt tá dhá thicéad préimhe do Chluichí Ceannais Iomána agus Peile na hÉireann chomh maith le lóistín do bheirt in Óstán Pháirc an Chrócaigh don dá dheireadh seachtaine ina n-áirítear dinnéar do bheirt.
- 4. Pacáiste Chluichí Ceannais Peile agus Iomána na hÉireann 2021**

San áireamh sa phacáiste seo do bheirt tá dhá thicéad préimhe do Chluichí Ceannais Iomána agus Peile na hÉireann chomh maith le lóistín do bheirt in Óstán Pháirc an Chrócaigh don dá dheireadh seachtaine ina n-áirítear dinnéar do bheirt.
- 5. Pacáiste Chluichí Ceannais Peile agus Iomána na hÉireann 2021**

San áireamh sa phacáiste seo do bheirt tá dhá thicéad préimhe do Chluichí Ceannais Iomána agus Peile na hÉireann chomh maith le lóistín do bheirt in Óstán Pháirc an Chrócaigh don dá dheireadh seachtaine ina n-áirítear dinnéar do bheirt.
- 6. Duais Airgid de luach €1,000**
- 7. Pacáiste Chluiche Ceannais Iomána na hÉireann 2021**

San áireamh sa phacáiste seo do bheirt tá dhá thicéad préimhe do Chluiche Ceannais Iomána na hÉireann chomh maith le lóistín do bheirt in Óstán Pháirc an Chrócaigh le haghaidh dhá oíche (Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh) ina n-áirítear dinnéar do bheirt ar an Satharn.
- 8. Pacáiste Chluiche Ceannais Peile na hÉireann 2021**

San áireamh sa phacáiste seo do bheirt tá dhá thicéad préimhe do Chluiche Ceannais Peile na hÉireann chomh maith le lóistín do bheirt in Óstán Pháirc an Chrócaigh le haghaidh dhá oíche (Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh) ina n-áirítear dinnéar do bheirt ar an Satharn.
- 9. Pacáiste Chluiche Ceannais Iomána na hÉireann 2021**

San áireamh sa phacáiste seo do bheirt tá dhá thicéad préimhe do Chluiche Ceannais Iomána na hÉireann chomh maith le lóistín do bheirt in Óstán Pháirc an Chrócaigh le haghaidh dhá oíche (Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh) ina n-áirítear dinnéar do bheirt ar an Satharn.
- 10. Pacáiste Chluiche Ceannais Peile na hÉireann 2021**

San áireamh sa phacáiste seo do bheirt tá dhá thicéad préimhe do Chluiche Ceannais Peile na hÉireann chomh maith le lóistín do bheirt in Óstán Pháirc an Chrócaigh le haghaidh dhá oíche (Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh) ina n-áirítear dinnéar do bheirt ar an Satharn.
- 11. Duais Airgid de luach €500**
- 12. Dearbhán Blue Book de luach €500**
- 13. Duais Airgid de luach €500**
- 14. Dearbhán Siopadóireachta de luach €500 le haghaidh do rogha féin miondíoltóra**
- 15. Duais Airgid de luach €300**



**RENAULT**  
Passion for life.



**TICÉID**  
**€10**

Uasmhéid de 2,500 ticéad  
ag gach club


Deis ag do chlub €25,000 a  
bhailiú

Beidh an Crannchur ar siúl ar  
10 Márta 2021

*Tuilleadh eolais chomh  
maith le téarmaí agus  
coinníollacha:*

[www.gaa.ie/nationalclubdraw](http://www.gaa.ie/nationalclubdraw)

**TICÉID AR FÁIL Ó:**





**Do Chlub, Do Chontae**

## **Cumann Báire Chaoimhín – níos mó ná cumann báire!**

Bunaíodh Cumann Báire Chaoimhín thiar sa bhliain 1902 agus, ó shin i leith, tá an club ag freastal ar mhuintir Dheisceart Chathair Átha Cliath. Ba iad iarscoláirí Shráid Synge agus Craobh Chaoimhín de Chonradh na Gaeilge a bhunaigh an club mar chumann iománaíochta an chéad lá cé go mbíodh peil, lúthchleasaíocht agus liathróid láimhe á n-imirt ann ó am go chéile le linn na mblianta tosaigh. Ba é an cluiche corr an t-aon chluiche Gaelach nach raibh á imirt sa chlub, ach, cuireadh sin ina cheart le cúpla bliain anuas!

In ainneoin go mbíodh Peil Ghaelach á himirt sa chlub agus go raibh an-rath ar an gclub sa pheil sna blianta tosaigh, socraíodh i 1949 go ndíreodh Cumann Chaoimhín ar an iománaíocht agus ar an

gcamógaíocht amháin. Bhí baint ag iarscoláirí Shráid Synge le bunú an chlub an chéad lá ach bhí cead ag duine ar bith ón gceantar imirt leo. Nuair a bhunaigh muintir Shráid Synge an dara club, áfach, socraíodh nach mbeadh cead ach ag scoláirí nó iarscoláirí de chuid na scoile amháin imirt leis an gclub sin. Ag eascairt ón méid sin a socraíodh go ndíreodh Cumann Chaoimhín ar an iománaíocht agus ar an gcamógaíocht amháin agus go ndíreodh Sráid Synge ar an bpeil amháin.

Ábhar bróid agus sprioc mhór de chuid an chlub ná áit shóisialta fháilteach a chur ar fáil do mhórfhobal an cheantair ar fad agus go n-úsáidfí an club mar lárionad agus mar thearmann sóisialta. Tá ról fíorthábhachtach

ag an gclub sa cheantar mar a thug Oifigeach Gaeilge an chlub, Cian O'Carroll, le fios:

“Tá an club an-tábhachtach don sláinte agus don choircal cairde atá ag na páistí sa cheantar seo. Tá an t-ádh orainn go bhfuil Cumann Báire Chaoimhín ann mar níl aon chumann iománaíochta agus camógaíochta eile sa chathair. Nuair atá na páistí sa chlub níl siad ar na sráideanna agus tá siad i mbun rudaí sláintiúla.

Tá go leor daoine ag obair go dian chun saol sábháilte a chruthú do na páistí agus do na daoine fásta. Sin an cineál club atá ann.”

Mar sin féin, tá dúshlán áirithe ag baint le Cumann Báire Chaoimhín nach bhfuil ag baint le go leor clubanna eile. Deir O'Carroll;

“Club cathrach atá i gCumann Báire Chaoimhín agus tá deacrachtaí ar leith ag baint leis sin, freisin. Níl mórán áiteanna glasa sa cheantar agus caithfidh muid an leas is mó a bhaint as na háiteanna glasa atá againn.”

Thiar sa bhliain 2013 shocraigh an club straitéis a chur le chéile chun an club a fhorbairt agus a fhás. Bhí an-rath ar an straitéis sin agus tar éis trí bliana bhí dhá oiread níos mó ball acu. Choncaic lucht an chlub, mar sin féin, go bhféadfaí tuilleadh fáis teacht ar an gclub nuair a thug siad faoi deara go raibh tuismitheoirí ag fágáil a gcuid páistí ag seisiúin traenála agus go raibh siad ag imeacht leo, ina dhiaidh sin.

Is é Dáithí Ó hAoláin Oifigeach an Chumann Fholláine sa chlub ó 2018 i leith. Thosaigh sé ag déanamh a mhachnaimh ar an gcaoi is fearr le tuismitheoirí a choinneáil sa chlub. Ní hamhain sin, ach bhí se ag iarraidh iad a mhealladh le páirt ghníomhach a bheith acu sa chlub a fhad is go raibh a gcuid páistí ag traenáil. Bhí sé ag iarraidh lárionad sóisialta a chruthú do mhórfhobal an cheantair sa chlub. Is uaidh sin a thosaigh an club ag glacadh páirte san ‘iománaíocht shóisialta’. Labhair Cian O'Carroll faoin ról atá ag an iománaíocht shóisialta sa chlub:

“Buaileann daoine le chéile gach seachtain le haghaidh cluiche sóisialta. Ní raibh mórán ann ag an tús ach nuair a chuaigh an scéal thart go raibh neart craice ann bhí go leor daoine ag iarraidh imirt.”

D'éirigh go hiontach leis sin ach thug lucht an chlub faoi deara gur fir den chuid ba mhó a bhí ag freastal ar an iománaíocht shóisialta. Thuig Ó hAoláin go gcaithfeadh siad na tuismitheoirí mná a mhealladh chuig an gclub, freisin. Smaoinigh siad ar ‘Peil Ghaelach do Mháithreacha’ ach, de bharr nach raibh peil á himirt sa chlub, níor bhac siad léi sin. Sa deireadh shocraigh siad ar chluiche corr a chur ar siúl sa chlub. Mar a mhínigh Dáithí Ó hAoláin:

“Bhreathnaigh muid ar chúpla féidearthacht. Labhair mé le cuid de na tuismitheoirí agus gach uair ar luaigh mé cluiche corr leo gheal a n-aghaidheanna! Luaigh siad uilig gur imir siad agus iad óg agus shocraigh muid go dtuillfeadh muid é.

Shocraigh muid go dtabharfadh muid ceithre seachtaine dó agus go mbeadh rúinne beag craic againn leis. Ba ó neart go neart a chuaigh sé uaidh sin amach! Níorbh fhada go raibh na tuismitheoirí sin a bhíodh ag fágáil a gcuid páistí ag traenáil agus ag imeacht ag glacadh páirte sa chlub iad féin.

Chuaigh an scéal thimpeall sa cheantar agus níorbh fhada go raibh éileamh an-mhór air. Ghlaigh bean as Maigh Eo a bhí ina cónaí sa cheantar agus a d'imir cluiche corr nuair a bhí sí óg orainn agus chláraigh sí mar bhall leis an gclub. Ghlaigh fear as an India orainn agus chláraigh sé leis an gclub. Bhí seal caite aige i mBaile Átha Luain agus d'imir sé le Naomh Crón i Ros Comáin!

D'oscail an cluiche corr i gCumann Báire Chaoimhín doras do go leor daoine eile i ndeisceart chathair Átha Cliath agus is ó neart go neart atá an cluiche ag gabháil sa cheantar ó shin. Tá baill acu anois ón gCéim, ó Thamhlacht agus ó go leor ceantar eile ar an taobh ó dheas de chathair Átha Cliath a thagann chuig an gclub le cluiche corr a imirt. De bharr an fháis sciobtha a tháinig ar an gcluiche in achar gearr shocraigh siad cur isteach ar chomórtais craoibhe de chuid Chluiche Corr CLG. Bhuaigh siad cluiche don chéad uair cúpla seachtain ó shin nuair a d'éirigh leo an ceann is fearr a fháil ar Bhéal Átha na nGabhar ón Iarmhí.

Níl ach 4 chlub a imríonn cluiche corr in Áth Cliath faoi láthair ach tá Ó hAoláin go mór den tuairim go dtiocfaidh fás agus forbairt ar an gcluiche mar

chaitheamh aimsire sóisialta sa phríomhchathair, ach go hairithe, sna blianta amach romhainn.

Ní iománaíocht shóisialta agus cluiche corr amháin a bhíonn ar fáil sa chlub ach an oiread. Tugtar deis do dhaoine eile ón bpobal páirt a ghlacadh sa chlub trí Scór agus trí imeachtaí eile cultúrtha a eagrú, freisin. Tá Cian O’Carroll den tuairim go bhfuil athbheochan ar na bacáin do Scór sa phríomhchathair.

“Rinne Cóilín Ó Cearbhaill ó Bhord Contae Átha Cliath agus Liam Ó Cúlbaire ó CLG Fhine Ghalainn an t-uafás oibre le Scór a chur chun cinn in Áth Cliath i mbliana. Ní dharna muidne ach páirt a ghlacadh ann in éineacht le roinnt clubanna eile. Ceapaim go mbeidh i bhfad níos mó clubanna ann amach anseo.”

Labhair O’Carroll tuilleadh faoi ról Scór sa chlub agus faoin mbealach ar shocraigh Cumann Báire Chaoimhín páirt a ghlacadh ann an athuair.

“Iarradh orm gabháil i mbun Scór sa chlub. Bhí taifead den Chlub ag Scór feicthe agam ó 1977 agus thuig mé gur chuid thábhachtach a bhí i Scór sa chlub caoga bliain ó shin. Ní raibh mórán tar éis tarlú le roinnt blianta anuas ó thaobh Scór de sa chlub agus iarradh ormsa é a athbheochan.

Is rud iontach é le déanamh i rith an gheimhridh mar níl na páistí ag traenáil agus ag imirt cluichí. Fós, bíonn siad ag iarraidh teacht le chéile chun rudaí a dhéanamh.

Bhí ciorcal ceoil againn – cuid acu ag cleachtadh do Scór ach cuid eile acu ann díreach le seinm nó le hamhrán a chasadh. Rinne muid é sin gach Luan.

Don chéad chúpla seachtain mise a bhí ag iarraidh a bheith i mbun an chleachtadh cé nach bhfuil mé rómhaith ag canadh nó ag seinm ceoil thraidisiúnta, ach, de réir a chéile tháinig tuismitheoirí a raibh bua an cheoil acu agus thug siad cúnamh dúinn. De réir a chéile bhí daoine iontacha againn.”

Bhí torthaí obair Chiaín agus obair a chlub le feiceáil nuair a d’éirigh le Cumann Báire Chaoimhín Comórtas Bailéad-Ghrúpaí Átha Cliath a bhuachan ag Scór na nÓg i mbliana.

Maidir le ról na Gaeilge i gCumann Báire Chaoimhín, in ainneoin go mbíonn tús áite ag an mBéarla ann, bíonn roinnt rudaí éagsúla ar bun ag O’Carroll agus ag an gclub lena cur chun cinn.

“Nuair a théann tú chuig an gclub maidin Dé Sathairn bíonn roinnt Gaeilge le cloisteáil thimpeall na háite. Tá go leor páistí sa chlub a bhfuil Gaeilge acu. Tá dhá nó trí Ghaelscoil ceangailte leis an gCumann agus déanann muid iarracht an Ghaeilge a úsáid nuair is féidir.

Le linn Sheachtain na Gaeilge tugann muid bileoga, ar a bhfuil nathanna Gaeilge, do na cóitseálaithe le go bhféadfaidís beagáinín Gaeilge a labhairt leis na páistí. Bíonn áthas an domhain ar na páistí a théann

chuig na Gaelscoileanna an Ghaeilge a chloisteáil timpeall na A,B,C’s agus mar sin de.”

Tá níos mó i gceist le clubanna Chumann Lúthchleas Gael ná clubanna spóirt agus tá sé sin le feiceáil go soiléir ó obair Chumann Báire Chaoimhín agus iad ar aistear suimiúil chun lárionad sóisialta a chruthú agus a chur ar fáil don phobal uilig. Cumann Lúthchleas Gael – Tá ait dúinn uilig ann.

Is féidir tuilleadh eolais faoi chluiche corr ag [secretary.rounders@gaa.ie](mailto:secretary.rounders@gaa.ie) agus faoi Scór ó [jamie.otuama@gaa.ie](mailto:jamie.otuama@gaa.ie).



#### **Gluais / Glossary**

**ó shin i leith** – since then **ag eascairt** – arising **sprioc** – target **tearmann sóisialta** – social haven **an-rath** – very successful **Cumann Folláine** – Healthy Club **éileamh** – demand **an ceann is fearr a fháil ar** – to defeat **athbheochan ar na bacáin** – revival on the horizon **an athuair** – arís **aistear suimiúil** – interesting journey **lárionad sóisialta** – social hub

D	Ú	N	N	A	N	G	A	L	L	A	B	C	I	A	R	R	A	Í	R
T	C	E	C	D	É	B	L	U	I	M	N	E	A	C	H	F	N	A	O
I	C	I	L	L	D	A	R	A	E	F	É	A	F	Ú	E	G	C	G	S
O	L	D	C	L	Á	T	H	C	L	I	A	T	H	Í	H	I	A	D	C
B	Ó	N	B	A	O	M	N	O	M	Ú	P	H	L	U	I	L	B	Ú	O
R	A	P	R	O	S	Ú	T	R	P	O	R	A	Ó	A	N	M	H	Í	M
A	G	M	U	I	N	E	A	C	H	Á	N	R	U	I	U	T	Á	H	Á
I	S	E	H	S	A	D	Ó	A	C	N	O	L	É	T	M	Ú	N	C	I
D	O	I	R	E	O	T	B	I	G	Ú	M	A	I	G	H	E	O	U	N
Á	T	M	N	S	Í	D	O	G	T	L	S	C	É	F	Í	S	L	I	E
R	Í	T	Í	R	E	O	G	H	A	I	N	H	R	F	L	M	S	G	F
A	N	D	Ú	N	A	C	E	P	B	A	O	N	T	R	O	I	M	T	D
N	F	I	M	É	U	R	Ó	N	P	T	L	S	L	I	G	E	A	C	H
N	H	N	D	L	O	C	H	G	A	R	M	A	N	G	Í	D	N	G	É
Í	S	L	T	Ú	A	M	C	N	R	O	U	P	B	H	I	R	C	S	B
P	G	A	I	L	L	I	M	H	A	I	H	A	R	B	C	E	L	C	A
Ó	D	R	L	P	Ú	F	E	A	R	M	A	N	A	C	H	O	Á	S	N
P	O	R	T	L	Á	I	R	G	E	U	G	H	T	Ó	I	P	R	N	I
R	I	O	É	M	F	U	B	E	N	A	R	D	M	H	A	C	H	A	A
C	I	L	L	C	H	A	I	N	N	I	G	H	Ó	I	L	Í	L	M	R
G	H	P	H	A	G	C	I	L	L	M	H	A	N	T	Á	I	N	R	M
F	E	B	S	M	C	T	B	A	Ú	D	E	P	F	D	É	C	A	Ú	H
A	N	L	O	N	G	F	O	R	T	U	Í	B	H	F	H	A	I	L	Í

# Na Contaetha

Aimisgh na contaetha seo a leanas:

<b>AONTROIM</b>	<b>AN IARMHÍ</b>
<b>ARD MHACHA</b>	<b>LAOIS</b>
<b>ÁTH CLIATH</b>	<b>LIATROIM</b>
<b>AN CABHÁN</b>	<b>LOCH GARMAN</b>
<b>CEATHARLACH</b>	<b>AN LONGFORT</b>
<b>CIARRAÍ</b>	<b>LÚ LUIMNEACH</b>
<b>CILL CHAINNIGH</b>	<b>MAIGH EO</b>
<b>CILL DARA</b>	<b>AN MHÍ</b>
<b>CILL MHANTÁIN</b>	<b>MUINEACHÁN</b>
<b>AN CLÁR</b>	<b>PORT LÁIRGE</b>
<b>CORCAIGH</b>	<b>ROS COMÁIN</b>
<b>DOIRE</b>	<b>SLIGEACH</b>
<b>AN DÚN</b>	<b>TIOBRAID ÁRANN</b>
<b>DÚN NA NGALL</b>	<b>TÍR EOGHAIN</b>
<b>FEAR MANACH</b>	<b>UÍBH FHAILÍ</b>
<b>GAILLIMH</b>	

FREAGRAÍ





## An chéad mhórtáchtair eile á lorg i gComórtas Tráchtair Gael Linn!

An bhfuil bua na cainte agat? An mbíonn tú ag tráchtair ar na cluichí móra sa scáthán sa mbaile nuair nach mbíonn aon duine thart. Bheul, tá Gael Linn ag eagrú comórtas tráchtair i gcomhar leis an gcomhlacht teilifíse Nemeton agus Cumann Lúthchleas Gael. Tabharfar deis do dhaltáí scoile tráchtair a dhéanamh ar a rogha cluiche idir Cluiche Ceannais Peile na hÉireann idir Uíbh Fháilí agus Ciarraí i 1982, Cluiche Ceannais Iomána na hÉireann idir Corcaigh agus an Clár sa 2013 nó Cluiche Ceannais Peile na mBan idir Áth Cliath agus Corcaigh sa bhliain 2014.

Beidh trí chomórtas éagsúla ann agus i measc na nduaiseanna a bheidh ann beidh duaiseanna airgid, deis seal a chaitheamh i mbosca tráchtair le Nemeton, ticéid chuig cluichí sraithe agus ticéid do thuras Mhúsaem Pháirc an Chrócaigh. Mar a mhínigh bainisteoir scéimeanna Gael Linn, Tomás Ó Cadhla;

‘Tá Nemeton agus TG4 tar éis an méid sin a dhéanamh don phobal. Chonaiceadar bearna 20 bliain ó shin i

gcluichí club agus i gcluichí scoile a chraoladh agus thuigeadar go mbeadh luach iontu mar dhrámaí teilifíse.

Bíonn Irial Mac Murchú ag trácht ar an ‘tríonóid’ – CLG, an Ghaeilge agus an teilifís. Is dócha go bhfuil nasc iontach déanta idir an trí rud sin idir Nemeton agus TG4. Rud eile atá déanta acu ná go bhfuil tráchtairí acu, go háirithe Brian Tyrers agus Mac Dara Mac Donncha atá aitheanta anois ag an tír de bharr gur tráchtairí iontacha iad.

Leis an gcomórtas seo, tá muid ag iarraidh guthanna nua a aithint. Sin an rud is mó ata ag teastáil uainn. Is deis é dúinn teacht ar dhaoine nua ‘is ar ghuthanna nua. Tá muid ag súil go mbeidh éileamh mór ar an gcomórtas seo agus go mbeidh píosa craic leis chomh maith do an-chuid daoine.

Bíonn daoine ag déanamh aithrise ar dhaoine a bhíonn ag tráchtair sa mbaile nó ar scoil – ar chúil mór a d’aimsigh a gcontae agus ar na guaiseachtaí a bhain leis na cúil. Seo a seans é a dhéanamh i gcomórtas!

Is féidir tuilleadh eolais a fháil maidir le Comórtas Tráchtair Gael Linn ag an nasc seo a leanas: <https://www.gael-linn.ie/ga/deiseanna-usaide/comortas-trachtair/78-36>

**Gluais** / Glossary

**Ag tráchtair** – commentating **seal** – period **ag trácht** – referring to **tríonóid** – trinity **ag déanamh aithrise** – imitating **guaiseachtaí** – the actions

# Do Chlub, Do Chontae Caith an Fáinne!



Tá an Fáinne ar fáil ó  
[www.gael-linn.ie](http://www.gael-linn.ie) / [www.cnag.ie](http://www.cnag.ie)

#GAAgaelge

# Crosfhocal


## TRASNA

1. An tÚllord, 3, 6
6. Contae Patrick Horgan, 8
8. Contae ina n-imríonn Ramor Aontaithe, 2, 6
9. Bainisteoir Chill Chainnigh, 4
11. Urraitheoirí Dhún na nGall, 2
12. Seastán i bPáirc an Chrócaigh, Ardán Uí \_\_\_\_, 8
16. Curaidh Peile na hÉireann 2014, 7
17. Contae Gary Brennan, 2, 4
18. Comórtas damhsa de chuid Scór, 5,4

## síos

2. Réiteoir ón Mí, 5, 5
3. Club Austin Gleeson, 4, 4
4. Iar-Uachtarán ar CLG, 7
5. Curaidh Chorn Sheosaimh Mhic Dhonncha 2019, 5
7. Bainisteoir Peile Dhoire, 9
10. Curaidh Peile na Gaillimhe 2020, 5,7
13. Bainsiteoir Iománaithe na Gaillimhe, 1,5
14. Baile Ros Comáin, Páirc \_\_\_\_\_, 2, 4
15. Club David Clifford, An \_\_\_\_\_, 6

## FREAGRAÍ







## **Plean Teagaisc agus Acmhainn do Chlubanna Uladh**

Rinneadh iniúchadh ar chlubanna Uladh in 2019, agus as sin a d'eascair an Plean Teagaisc. Tá CLG Uladh agus Foras na Gaeilge ag obair le hOllscoil Uladh ar an tionscadal seo, agus is é an aidhm atá againn ná go gcuirfear acmhainn ar fáil a bheas ina chuidiú dár n-oibríthe deonacha a bhíonn ag teagasc na Gaeilge ag leibhéal an chlub, agus go mbeidh deis ag gach club sa Chúige ardchaighdeán teanga a chur ar fáil.

In April 2020, Ulster GAA and Foras na Gaeilge partnered with Ulster University to develop a teaching plan with resources for Ulster clubs to both alleviate pressure on club volunteers teaching Irish classes, and to ensure a high standard of Irish is available to clubs across the province.

The teaching resource is compiled of modules, each module has 12 weeks' worth of lessons with informative notes for both student and teacher, as well as support audio material. Module one has been developed by a team from Ulster University and Ulster

GAA, and module two, a GAA focused lesson plan, is being compiled by Ulster University students as part of their studies.

Tá modúil istigh sa phlean teagasc a mhaireann dhá sheachtain déag. Beidh nótaí ann don mhúinteoir agus don fhoghlaimoír araon, chomh maith le ceachtanna éisteachta. Chuir foireann Ollscoil / CLG Uladh an chéad mhodúl le chéile, agus tá mic léinn de chuid na hollscoile ag obair ar an dara modúl, rud a bheas dírithe ar shaol an CLG.

The resource will be available to all clubs free of charge. Clubs must register with CLG Uladh to access the material, and will receive accreditation for completing modules. The resource will be updated twice to three times a year with new material.

Beidh sé seo curtha ar fáil saor in aisce. Caithfidh clubanna clárú le CLG Uladh agus bronnfar teastas orthu siúd a chlúdaíonn iomlán na n-ábhar. Cuirfear modúil breise in airde le linn na bliana.

It was hoped that this would be ready for launch in September 2020, but due to the impact of COVID-19 on various aspects of the project, this has been delayed to December 2020-January 2021. After a trial period within Ulster, the resource will be made available to clubs across Ireland.

Táthar ag súil leis an acmhainn seo a sheoladh go mall sa bhliain nó go luath sa bhliain úr. I ndiaidh dúinn scéim phíolótach a bheith againn in Uladh, beidh fáilte roimh iomlán na gclubanna sa tír úsáid a bhaint as.

# Aip Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha Seolta ag Gráinne McElwain

*Sheol an láithreoir spóirt Gráinne McElwain aip Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha le gairid.*

*Áis thábhachtach agus luachmhar í an aip seo atá dírithe ar chlubanna de chuid CLG atá páirteach i bhFondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha, ach go háirithe. Tá an aip le fáil ar an dá ardán, Android agus Apple nó ag an nasc seo leanas: <https://play.google.com/store/apps/details?id=com.oininteractive.fsmd>*

Dúirt Seán Ó hÓráin, Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael, gurbh áis iontach í an aip seo a chabhródh leis na clubanna agus lena mbaill fud fad na tíre agus iad ag cur chun cinn na Gaeilge sa chlub.

“Tá sé iontach go mbeidh go leor acmhainní, nuachta agus scéalta maidir le himeachtaí an Chumainn le fáil ann.”

Dúirt Lorcán Mac Gabhann, Ceannasaí Ghlór na nGael, go raibh aip nua na Fondúireachta ann chun gach eolas agus áiseanna den scoth a chur ar fáil do bhaill maidir le cur chun cinn na Gaeilge sna clubanna.

“Is í an áis is fearr liomsa san aip seo ná na físeáin a dhéanann cur síos ar an bpleanáil teanga ar an leibhéal is bunúsaí, agus iad dírithe ach go háirithe ar thús a chur le plean teanga i gcomhthéacs an chlub”, a dúirt Mac Gabhann.

D’fháiltigh Cathaoirleach Choiste Náisiúnta na Gaeilge CLG, Seosamh Mac Donncha, roimh an aip ar a bhfuil fáil ar eolas ar an bhFondúireacht féin agus ar an bhfoireann atá ag obair i ngach réigiún. Beidh an nuacht ar fad ann mar a bhaineann sé leis an Ghaeilge agus leis na cluichí, chomh maith le nuacht thábhachtach maidir le rannpháirteachas do chlub san Fhondúireacht.

Taobh le foclóir cuimsitheach spóirt, tá físeáin Gaeilge ar an traenáil agus scileanna spóirt, gearrscannáin agus ceachtanna teanga. Tá podchraoltaí, áiseanna



foghlama agus teagaisc, eolas ar an bpleanáil teanga agus ar eagraíochtaí agus ar phobal na Gaeilge.

Tá féilire ann le dátaí tábhachtacha le linn bhliain na Fondúireachta agus cuirfear brúfhógraí chuig úsáideoirí chun nach ndéanfar dearmad ar spriocdhátaí go deo.

Tá go leor eolais agus áiseanna an-úsáideacha ar an aip anois agus beifear ag cur léi i gcónaí le go mbeidh sí ina stór mór, luachmhar ag pobal na Fondúireachta agus ag pobal na Gaeilge.



**Gluais / Glossary**  
**cluichí baile** – home games **Craobh uile-Éireann** – All-Ireland Championship  
**Uachtarán** – President **go deireanach** – the last time

## 10 X Ceist #GAAGaeilge Oraibh!

Ná bígí ag googláil!

1. Cá n-imríonn Tír Eoghain a gcuid cluichí baile?
2. Cá mhéad Craobh uile-Éireann a bhuaigh Páidí Ó Sé mar bhainisteoir ar fhoireann shinsir Ciarraí?
3. Cé a bhuaigh Craobh Iomána na hÉireann sa bhliain 2015?
4. Cé a bhuaigh Craobh Peile na hÉireann sa bhliain 2010?
5. Cén contae lena n-imríonn Paddy Cunningham peil?
6. Cén contae ina n-imríonn Síol Maolúir?
7. Cé leis a n-imríonn Tadhg de Búrca?
8. Cén t-ainm a bhí ar Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael idir na blianta 1997–2000?
9. Cén contae lena n-imríonn David Clarke?
10. Cén bhliain inar bhuaigh Loch Garman Craobh Shinsir Iomána na hÉireann go deireanach?

**FREAGRAÍ**



# DOMHNACH NA FOLA

An 21 Samhain, 1920, d'imir Baile Átha Cliath in aghaidh Thiobraid Árann i 'gcluiche mór dúshláin peile' i bPáirc an Chrócaigh. Cé go raibh teannas mór sa chathair tar éis imeachtaí na hoíche roimhe sin, nuair a chuir comhaltaí de 'Mheitheal' Mhichíl Uí Choileáin ceithre ghníomhaire rúnda déag de chuid na Breataine chun báis, chuathas ar aghaidh leis an gcluiche ar 3.15in. De réir finnétithe a bhí i láthair, dhein fórsaí na Corónach ruathar ar an staidiam cúig nóiméad tar éis an chaithimh isteach agus thosnaigh ag scaoileadh ar dhaoine. Níor mhair an lámhach ach dhá nóiméad. San iomlán, maraíodh ceithre dhuine dhéag – Micheál Ó hÓgáin, imreoir de chuid Thiobraid Árann san áireamh – agus gortaíodh os cionn ochtó duine. Samhain 1925, ghlac Ard-Chomhairle CLG an cinneadh bPáirc an Chrócaigh a ainmniú i gcuimhne na mílte Ógáin.

## **Cuimhnimis Orthu Uilig**

Mícháel Ó hÓgáin (Imreoir)  
Sinéad Ní Bhaoill  
Dónal Ó Cearbhaill  
Séamus Ó Maitiú  
Diarmuid Ó Laoire (10 bhliain)  
Tomás Ó Riain  
Seán L. Scott (14 bhliain)  
Séamus de Búrca  
Mícháel Ó Feinneadha  
Padraig Ó Dubhda  
Liam Ó Róibín (11 bhliain)  
Séamus Ó Treacháin  
Seosamh Mac Tréinfhíir  
Tomás Ó hÓgáin

# Freagraí

P. 7

## Cluistuisint do Mheánscoileanna

1. Dún na nGall
2. Tá siad ag breathnú an-mhaith agus is iad is gaire d'Áth Cliath.
3. Tá sé lárnach agus tá sé tábhachtach go bhfanann sé aclaí.
4. Tá sé iontach uilig.
5. Bhí siad ag stróiceadh tríd an gCabhán agus ag déanamh an-damáiste.
6. Maigh Eo
7. Tá
8. Ní raibh sé sásta leis
9. 7
10. Ciarán Kilkenny agus Seán Bugler

P. 22

## 10 X Ceist #GA A gaeilge Oraibh!

1. Pairc Uí Éilí
2. 2
3. Cill Chainnigh
4. Corcaigh
5. Aontroim
6. Loch Garman
7. Port Láirge
8. Seosamh Mac Donncha
9. maigh Eo
10. 1996

P. 19

## Crosfhocal

1	A	R	D	M	H	A	C	H	A			4	B	5	L						
			A				N					6	C	O	R	C	A	I	7	G	H
			V				O						E		O				A		
			I		8	A	N	C	A	B	H	Á	N		I		L				
			D				S						N		S		L				
			G				Í						A						A		
			9	C	O	D	Y		O		10	M		N						G	
			U				11	K	N		A									H	
			G								I									E	
			12	C	H	Í	13	O	S	Ó	I	G								R	
							N				H						14	D			
			15	F			E				C									E	
			O			I					U									H	
			S			L				16	C	I	A	R	R	A	Í				
			17	A	N	C	L	Á	R		L									D	
			D								I									E	
			H								N										
										18	R	I	N	C	E	S	E	I	T		



Fondúireacht  
Sheosaimh  
Mhic Dhonncha

Ár gCluichí  
- Ár Laochra



**Faigh tacaíocht d'Ár dTeanga!**

**Our Games - Our Heroes - Get support for Our Language!**

Is scéim tacaíochta de chuid Glór na nGael agus de chuid Chumann Lúthchleas Gael í Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha le haghaidh clubanna CLG ar mian leo an Ghaeilge a chur chun cinn. Cuirfidh Glór na nGael cuidiú ar fáil don Oifigeach Gaeilge i bhfoirm chomhairle, tacaíochta agus idéanna le tógáil ar an obair mhaith atá á déanamh sa chlub cheana féin. Is féidir deontas a lorg ón Fhondúireacht chun cuidiú leis na pleananna sin a chur i gcrích agus bronnfar bonn ar na clubanna as méid áirithe a bhaint amach ar son na teanga.

The Joe McDonagh Foundation is a support service provided by Glór na nGael and the GAA to clubs wishing to further the Irish Language in their community. Glór na nGael will offer help to the Oifigeach Gaeilge to give them direction, support and ideas to build on the good work that has already been done within the club. Grants are available from the Foundation to help realise your plans and medals will be awarded to clubs for various levels of achievement in promotion of the language.

[www.glornangael.ie](http://www.glornangael.ie)

Glór na nGael

GAA





**TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN**